COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

**An Bhruiséil, 13 Márta 2026**
**(OR. en)**

**AD 8/26**

**LIMITE**

**CONF-ME 7**

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>– Caibidil 21: Gréasáin Thras-Eorpacha |

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

**Caibidil Chaibidlíochta 21: Gréasáin Thras-Eorpacha**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;
- na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirt-chomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;
- agus na riachtanas a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais, agus é á thabhairt dá aire aige go bhféadfadh *acquis* breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas, chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* a áirithiú, agus molann sé dó, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais. Tá an tAontas ag súil nach sáróidh na tionscadail bhonneagair uile, atá á bhforbairt faoi chuimsiú na gComhaontuithe idir Rialtais, *acquis* soláthair phoiblí an Aontais. Ní mór an bealach a ndéanfar an Comhaontú a léirmhíniú, a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme a bhainistiú go cúramach. Déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán ar an gcur chun feidhme sin.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil pleanáil bonneagair náisiúnta Mhontainéagró i gcomhréir le cuspóirí bheartas an Aontais maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (GTE-I). I gcomhréir leis an gcur chuige sin, léirítear i bpleanáil Mhontainéagró an tábhacht straitéiseach a bhaineann le nascacht réigiúnach a fheabhsú, laistigh de na Balcáin Thiar agus leis an Aontas Eorpach araon.

Is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht ghníomhach Mhontainéagró i Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach agus i Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na Danóibe, agus cuirtear é sin in iúl trína rannchuidiú le tionscadail réigiúnacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena bhfeabhsaítear nascacht, soghluaisteacht inbhuanaithe agus comhtháthú leis na gréasáin thras-Eorpacha iompair agus fuinnimh.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 26/14 CONF-ME 20 agus AD 04/26 CONF-ME 4 uaidh, an *acquis* faoi chaibidil 21 mar atá i bhfeidhm ón 25 Nollaig 2025, agus dearbhaíonn sé go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

**Gréasáin iompair**

Tugann an tAontas dá aire go ndearna Montainéagró a phleanáil straitéiseach iompair a ailíniú le cuspóirí an *acquis* i réimse na ngréasán tras-Eorpach iompair (GTE-I). Tugann an tAontas dá aire go maíonn Montainéagró go ndéanfaidh sé dul chun cinn leordhóthanach maidir le cuspóirí GTE-I faoi dháta an aontachais.

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró an t-athbhreithniú ar a Straitéis Forbartha Iompair a thabhairt chun críche, lena sainaithnítear, i measc nithe eile, tionscadail bhonneagair tosaíochta i réimse an iompair de bhóthar agus na n-iarnród agus lena n-áiritheofar ailíniú le cuspóirí Rialachán nua GTE-I 2024/1679. Tar éis ghlacadh na straitéise athbhreithnithe, molann an tAontas do Mhontainéagró a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach í.



PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas comhar Mhontainéagró faoi chuimsiú an Ghréasáin Chuimsithigh Réigiúnaigh Iompair de chuid Fhaireachlann Iompair Oirdheisceart na hEorpa (SEETO) maidir le tionscadail bhonneagair tosaíochta a shainaithint i Montainéagró. Leanadh den chomhar sin ó bhí 2019 ann faoi chuimsiú an Chomhphobail Iompair, a raibh Montainéagró ina rannpháirtí gníomhach ann, lena n-áirítear in iarrachtaí chun comhar réigiúnach a chur chun cinn chun leathnú GTE-I a chur chun feidhme sa réigiún.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bearta déanta ag Montainéagró chun impleachtaí fioscacha na n-iasachtaí a tógadh chun tionscadail bhonneagair a mhaoiniú a mheas ar bhealach níos fearr, trí phleanáil bhuiséadach fheabhsaithe agus trí cheanglais BEAF agus BEI a leanúint. Maidir le hinfheistíochtaí atá beartaithe amach anseo, molann an tAontas do Mhontainéagró pleanáil agus seicheamhú cúramach tionscadal a áirithiú. Beidh ar Mhontainéagró acmhainní óna bhuiséad náisiúnta agus ó iasachtóirí idirnáisiúnta a chur le chéile, agus spás fioscach Mhontainéagró á chur san áireamh ag an am céanna.

Tugann an tAontas dá aire gur tháinig Montainéagró ar chomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis an ngréasán GTE-I a bheidh ann amach anseo a bhaineann le Montainéagró (féach na léarscáileanna in Iarscríbhinn 1) agus maidir le liosta de thionscadail tosaíochta in earnáil an iompair. Comhlíonann na comhaontuithe sin ceanglais an chéad agus an dara tagarmharc deiridh a leagtar amach in AD 6/15 CONF-ME 5.

Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh Montainéagró an acmhainneacht riaracháin is gá chun tabhairt faoi na freagrachtaí faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa atá i bhfeidhm cheana féin do ghréasáin iompair agus fuinnimh araon a neartú a thuilleadh, agus iarrann sé ar Mhontainéagró na poist atá fágtha a líonadh. Sa chomhthéacs sin, tugann an tAontas dá aire gur ghlac rialtas Mhontainéagró Treochlár maidir le rannpháirtíocht sa tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2025-2027, ina leagtar amach gníomhaíochtaí chun acmhainneacht institiúideach agus riaracháin Mhontainéagró a neartú a thuilleadh faoi lá an aontachais leis an Aontas. Comhlíonann na gníomhaíochtaí sin ceanglais an tríú tagarmharc deiridh a leagtar amach in AD 6/15 CONF-MÉ 5.

Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh Montainéagró an treochlár sin chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear foireann ábhartha a earcú agus a oiliúint agus struchtúir riaracháin iomchuí a bhunú. Déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán ar an bpróiseas go dtí an t-aontachas.

PUBLIC

**Líonraí fuinnimh**

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir leis na forbairtí leanúnacha a mhéid a bhaineann le hidirnaisc ghréasán leictreachais Mhontainéagró le tíortha eile na mBalcán Thiar agus leis an Iodáil.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir lena rannpháirtíocht i bhforbairt píblíne gáis réigiúnaigh, an Phíblíne Aidriadach Iónach. Chun cuspóirí aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach, molann an tAontas do Mhontainéagró slándáil fuinnimh a bhaint amach, a mhéid is féidir, trí aistriú i dtreo dhícharbónú a chórais fuinnimh a úsáideann acmhainní áitiúla, a laghdaíonn neamhchosaint ar rioscaí soláthair sheachtraigh, agus a thacaíonn le hearnáil fuinnimh athléimneach nua-aimseartha. Leis an gcur chuige sin, feabhsaítear neamhspleáchas fadtéarmach i bhfad níos éifeachtaí ná mar a dhéanfaí le bonneagar breoslaí iontaise a leathnú. Molann an tAontas do Mhontainéagró féachaint ar roghanna maidir le héagsúlú agus dícharbónú breise, chun príomhbhonneagar leictreachais a chur i gcrích.

Is díol sásaimh don Aontas gur ghlac Montainéagró an Dlí maidir le tionscadail bonneagair fuinnimh trasteorann atá ailínithe le Rialachán GTE-F. Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh Montainéagró ailíniú iomlán tráthúil leis na gnéithe eile de Rialachán GTE-F, go háirithe maidir leis na forálacha a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna, lámhleabhar nósanna imeachta, rannpháirtíocht phoiblí agus trédhearcacht agus go n-áiritheoidh sé cur chun feidhme iomlán na reachtaíochta atá ailínithe le Rialachán GTE-F mar a cheanglaítear le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh. Tacóidh sé sin le Montainéagró a líonraí a chomhtháthú a thuilleadh leis na tíortha comharsanachta, dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna agus tacú le tuilleadh ailínithe le cuspóirí aeráidneodrachta an Aontais.

* * *



PUBLIC

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir leis an *acquis* a chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Dearbhaíonn an tAontas go dtabharfaidh sé aird faoi leith ar an bhfaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn cumas riaracháin Mhontainéagró a áirithiú, agus a chumas an *acquis* sa chaibidil seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus an t-ailíniú reachtach a thabhairt chun críche a áirithiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró le *acquis* an Aontais agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a thabhairt go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i dtaobh chur chun feidhme an *acquis* agus neartú a chumais riaracháin.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 26/14 CONF-ME 20 agus AD 04/26 CONF-ME 4 uaidh, an *acquis* faoi chaibidil 21 mar atá i bhfeidhm ón 25 Nollaig 2025. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé den phróiseas ailínithe leis an *acquis* agus go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi thráth a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 25 Nollaig 2025 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC

PUBLIC

## LÉARSCÁILEANNA TÁSCACHA DEN GHRÉASÁN TRAS-EORPACH IOMPAIR ARNA LEATHNÚ CHUN MONTAINÉAGRÓ[1] A CHUMHDACH




1 AMar a ionchorpraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1679

Leathnú táscach chuig Tíortha Comharsanachta

**An Croíghréasán agus an Gréasán Cuimsitheach: Lasta iarnróid, calafoirt agus críochfoirt iarnróid agus bóthair (RRT) Réigiún na mBalcán Thiar**




Leathnú táscach chuig Tíortha Comharsanachta
An Croíghréasán agus an Gréasán Cuimsitheach: Paisinéirí
iarnróid agus aerfoirt Réigiún na mBalcán Thiar
C
0
95
190
km
Aerfort
TENtec


Leathnú táscach chuig Tíortha Comharsanachta
An Croíghréasán agus an Gréasán Cuimsitheach: Bóithre, calafoirt, críochfoirt iarnróid agus bóthair, agus aerfoirt
Réigiún na mBalcán Thiar
Bóthar
Aerfoirt